**RABHADH**
**CAITHFEAR an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais le do fhreagarleabha(i)r ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo ⇒**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2019**

# EACNAMAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

**(400 marc)**

**DÉ hAOINE 21 MEITHEAMH - MAIDIN 9:30 – 12:00**

Freagair **sé** cheist as Roinn A agus **ceithre** cheist as Roinn B.

**ROINN A (100 marc)**

Freagair **sé** cinn de na **naoi** gceist ghearrfhreagra sna spásanna atá ann dóibh.

**ROINN B (300 marc)**

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
**Ná scríobh** freagraí Roinn B ar an gceistpháipéar seo.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (75 marc).
Tabhair faoi deara go bhfuil fo-ranna sna ceisteanna.

**Ní mór duit an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais in éineacht le do fhreagarleabha(i)r ag deireadh an scrúdaithe.**

## Roinn A (100 marc)

Freagair **sé** cinn de na **naoi** gceist ghearrfhreagra sna spásanna atá ann dóibh.

**1.** **(a)** Mínigh coincheap eacnamaíochta an Phrionsabail Chomhimeallaigh d'iompraíocht tomhaltóirí.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**(b)** Nuair a cheannaíonn tomhaltóir 6 úll ar €0.90 an ceann agus 7 oráiste ar €0.50 an ceann bíonn an tomhaltóir i gcothromaíocht.

Is é áirgiúlacht imeallach an 6ú húll ná 9 util.

Ríomh áirgiúlacht imeallach an 7ú horáiste.
**(Taispeáin do chuid oibre.)**

| **Do chuid oibre:** |
|---|
| |
| **Freagra:** |

**(16 mharc)**

**2.** Cuir in iúl le tic (✓) cé acu **FÍOR** nó **BRÉAGACH** atá gach ceann de na ráitis seo a leanas.

| | RÁITEAS | FÍOR | BRÉAGACH |
|---|---|---|---|
| 1. | Is éileamh díorthaithe é an t-éileamh ar shaothar. | | |
| 2. | Is é an Beochlár an tomhas is beaichte ar ráta na dífhostaíochta in Éirinn. | | |
| 3. | Cúlú eacnamaíochta is cúis le dífhostaíocht thimthriallach. | | |
| 4. | Léiríonn cuar soláthair an tsaothair a chlaonann ar gcúl an coincheap go gcuireann oibrithe an fhóillíocht in ionad na hoibre de réir mar a ardaíonn an pá os cionn leibhéal áirithe. | | |

**(16 mharc)**

**3.** Déan idirdhealú idir na téarmaí Forbairt Gheilleagrach agus Fás Geilleagrach.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**(16 mharc)**

**4.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** phríomhsmaoineamh a chuir an t-eacnamaí John Maynard Keynes leis an smaointeoireacht i gcúrsaí eacnamaíochta.

(i)________________________________________


(ii)________________________________________

**(16 mharc)**

**5.** Taispeánann an léaráid thíos cothromaíocht fhadtréimhseach gnólachta in **iomaíocht neamhfhoirfe.**

(i) Scríobh lipéad iomlán (ní an giorrúcháin) ar gach ceann de na línte 1 go 4. Bain úsáid as an bhfreagarbhosca thíos.

| Uimhir | Lipéad |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |




(ii) Cuir in iúl go soiléir ar an léaráid praghas, cainníocht agus costas don ghnólacht ag an gcothromaíocht fhadtréimhseach.

(iii) Luaigh cé acu atá an gnólacht ag tuilleamh brabús osnormálta nó nach bhfuil. Tabhair cúis le do fhreagra.

**(16 mharc)**

**6.** Déan idirdhealú idir Limistéar Saorthrádála agus Aontas Custaim.

**(17 marc)**

**7.** **(a)** Cuir tic (✓) sna boscaí cearta chun iad seo a chur in iúl: na rátaí neasacha a sheasann do ráta Fiachais an Rialtais i gcoibhneas le OTI agus ráta na Dífhostaíochta sa bhliain seo caite. Cuir tic i mbosca **amháin** i ngach cás.

(i) **Ráta Fiachais an Rialtais i gcoibhneas le OTI**

| 40% | 70% | 120% |
|---|---|---|
| ☐ | ☐ | ☐ |

(ii) **Ráta na Dífhostaíochta**

| 6% | 9% | 12% |
|---|---|---|
| ☐ | ☐ | ☐ |

**(b)** Mínigh an treocht is déanaí ar gach ceann de na táscairí geilleagracha thuas.

**Ráta Fiachais an Rialtais i gcoibhneas le OTI:** ____________________

____________________

____________________

**Ráta na Dífhostaíochta:**____________________

____________________

____________________

**(17 marc)**

**8.** Gheall an Taoiseach go méadófaí tairseach an ráta is airde den cháin ioncaim (ÍMAT) go €50,000 le linn na gcúig bliana atá le teacht.

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste eacnamaíochta agus ar mhíbhuntáiste eacnamaíochta **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag an mbeart seo do gheilleagar na hÉireann.

Buntáistí:

(i)____________________

____________________

____________________

(ii)____________________

____________________

____________________

Míbhuntáiste:____________________

____________________

**(17 marc)**

**9.** *Sa tSeapáin tá 12% den phobal oibre os cionn 65 bliain d'aois, ach sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn tá an céatadán níos gaire do 3%.*

**(a)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a n-athrófaí polasaithe rialtais chun tacú le saolta oibre a shíneadh.

(i)________________________________________________________

__________________________________________________________

__________________________________________________________

(ii)________________________________________________________

__________________________________________________________

__________________________________________________________

**(b)** Mol beart **amháin** a d'fhéadfadh an rialtas **nó** gnólachtaí a dhéanamh chun tacú le saolta oibre a shíneadh.

__________________________________________________________

__________________________________________________________

__________________________________________________________

__________________________________________________________

**(17 marc)**

***Ná dearmad an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na (bh)freagarleabha(i)r a úsáidtear chun na ceisteanna i Roinn B a fhreagairt*.**

## Roinn B (300 marc)

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
**Ná scríobh** freagraí Roinn B ar an gceistpháipéar seo.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (75 marc).
Tabhair faoi deara go bhfuil fo-ranna sna ceisteanna.

**1.** **(a)** (i) Sainmhínigh na téarmaí eacnamaíochta **éileamh aonair** agus **éileamh an mhargaidh**.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thoisc a mbeadh tionchar acu ar éileamh an mhargaidh ar uaireadóirí corpacmhainne.

[25]

**(b)** Cuir i gcás go bhfuil an margadh le haghaidh branda áirithe de **bhrioscáin Éireannacha** i gcothromaíocht. Mínigh, le cuidiú léaráide **faoi leith i ngach cás**, na slite is dóichí a mbeadh tionchar ag gach ceann díobh seo a leanas ar staid na cothromaíochta tosaí sa mhargadh seo:

(i) Cruthaíonn an easpa báistí in 2018 triomach, rud a laghdaíonn barra prátaí.


(ii) Eagraíonn tomhaltóirí veigeánacha agóidí in aghaidh blastáin a dhíorthaítear ó ainmhithe a úsáid ar bhrioscáin.

(iii) Faigheann cuideachtaí brioscán fóirdheontas ón rialtas.

[30]

**(c)** Taispeánann na figiúirí is deireanaí ó Bhord na dTionóntachtaí Cónaithe (RTB) go bhfuil an cíos ag ardú i rith an ama. Ba é €1,122 an meánchíos náisiúnta i R3 2018, ardú €78 ó R3 2017.

(**Foinse:** Innéacs Cíosa an RTB do R3 2018, Nollaig 2018)




Taispeánann an léaráid thuas idirghabháil rialtais i bhfoirm rialú cíosa (buaicphraghas).

(i) Agus tú ag tagairt don léaráid thuas, mínigh an tionchar a bheadh ag rialú cíosa dá gcuirfí i bhfeidhm é.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar na hiarmhairtí eacnamaíochta a d’fhéadfadh bheith ag an idirghabháil rialtais seo ar mhargadh na réadmhaoine ar cíos in Éirinn.

[20]

**[75 marc]**

**2.** **(a)** (i) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** shaintréith de ghnólacht monaplachta.

(ii) Mínigh cén fáth a bhfuil roinnt cumhachta monaplachta riachtanach chun go mbeadh idirdhealú praghsanna ann. [20]

**(b)** (i) Mínigh, le cuidiú léaráide a bhfuil lipéid shoiléire uirthi, staid cothromaíochta fhadtréimhseach gnólachta monaplachta.

(ii) Agus tú ag tagairt don léaráid a tharraing tú i bpáirt **(b)** (i), mínigh cén fáth a bhfuil difear idir cuar éilimh gnólachta atá ag feidhmiú faoi choinníollacha monaplachta agus cuar éilimh gnólachta atá ag feidhmiú faoi choinníollacha na hiomaíochta foirfe. [30]

**(c)** *Cuirtear i leith gnólachtaí móra teicneolaíochta an Iarthair, leithéidí Apple, Google, Facebook agus Amazon, go bhfuil siad BAADD, i.e. sa Bhéarla, Big, Anti-competitive, Addictive agus Destructive to Democracy (Mór, Frithiomaíoch, Andúileach agus Scriosach don Daonlathas). Tá sé mícheart ar fad, áfach, talamh slán a dhéanamh de go gcaithfidh sé go bhfuil gnólachtaí móra olc.* (**Foinse**: The Economist, Eanáir 2018)

(i) Luaigh agus mínigh **trí** bhuntáiste a bhaineann le gnólachtaí mórscála agus tú ag úsáid samplaí as tionscal na teicneolaíochta.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar na hiarmhairtí ar struchtúr margaidh monaplachta a d'fhéadfadh a bheith ag rialúchán rialtais dírithe ar iompar frithiomaíoch a laghdú. [25]

**[75 marc]**

**3.** **(a)** (i) Mínigh an téarma Praghasleaisteachas an Éilimh (PED).

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** thoisc a mbíonn tionchar acu ar praghasleaisteachas an éilimh ar earra nó ar sheirbhís, agus bíodh samplaí agat chun tacú le do fhreagra. [25]

**(b)** *Tá praghasleaisteachas an éilimh ar thicéid aerlíne ó Bhaile Átha Cliath go Dubai in dhá chatagóir tomhaltóirí dhifriúla, lucht saoire agus taistealaithe gnó, le feiceáil thíos:*

**PED Thomhaltóir A** = – 0.1 **PED Thomhaltóir B** = – 2.4

(i) Agus úsáid á baint agat as do chuid eolais ar PED, mínigh cén figiúr thuas is dóichí a chomhfhreagraíonn do lucht saoire agus cén figiúr is dóichí a chomhfhreagraíonn do thaistealaithe gnó.

(ii) Mínigh, le cuidiú léaráidí, an difear idir éileamh **praghasleaisteach** agus éileamh **praghas-neamhleaisteach**.

(iii) Mínigh an dóigh ina bhfuil eolas ar PED úsáideach agus anailís á déanamh ar an tionchar a bhíonn ag athruithe ar phraghsanna ar ioncam iomlán aerlíne. [30]

**(c)** (i) Cuir i gcás, nuair a bhí praghas €500 ar ghléas táibléid, gur éiligh tomhaltóirí 25,000 aonad d'earra gaolmhar, Earra X, in aghaidh na bliana.
Nuair a thit praghas an ghléis táibléid go €350, fad a d'fhan praghas Earra X gan athrú, thit an chainníocht d'Earra X a éilíodh go 10,000 aonad in aghaidh na bliana.

Ríomh **trasleaisteachas an éilimh** (CED) ar Earra X **agus** mínigh an gaol atá idir na hearraí seo. **Taispeáin do chuid oibre.**

(ii) An mbeifeá ag súil leis go mbeadh CED den saghas céanna ann idir gléas táibléid agus cás do tháibléad? Mínigh do fhreagra. [20]

**[75 marc]**

**4.** **(a)** (i) I gcás **dhá** cheann ar bith de na trí phéire seo a leanas, déan idirdhealú idir an dá théarma:
Meánchostas agus Costas Imeallach
Ráta Fostaíochta agus Ráta Rannpháirtíochta
Táirge Fisiceach Imeallach agus Táirge Imeallach Ioncaim.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thoisc a mbíonn tionchar acu ar Tháirge Imeallach Ioncaim **an tSaothair.**

[30]

**(b)** Taispeánann an tábla thíos sonraí na gcostas ag gnólacht atá i gcothromaíocht.

| **Cainníocht an Aschuir (aonaid)** | **Meánchostas Athraitheach (AVC)** | **Meánchostas Seasta (AFC)** |
|---|---|---|
| 0 | | |
| 1 | 200 | 600 |
| 2 | 150 | 300 |
| 3 | 158.33 | 200 |
| 4 | 187.5 | 150 |
| 5 | 240 | 120 |
| 6 | 300 | 100 |

**Taispeáin do chuid oibre san áireamh go léir.**

(i) Ríomh an **meánchostas iomlán** ar tháirgeadh an 6ú haonad aschuir.
(ii) Ríomh an **costas iomlán** ar tháirgeadh 2 aonad aschuir.
(iii) Ríomh an **costas imeallach** ar an aschur a mhéadú ó 4 aonad go 5 aonad.
(iv) Má uasmhéadaíonn an gnólacht brabús mar a bhfuil ioncam imeallach cothrom le €100, cé mhéad aonad a tháirgfidh sé? Mínigh do fhreagra.

[20]

**(c)** *San am i láthair, tá ganntanas scileanna i margadh na fostaíochta, sna réimsí cuntasaíocht, innealtóireacht, cógaisíocht, T.F. agus dlí, i measc réimsí eile.*

(**Foinse**: The Irish Times, Samhain 2018)

(i) Mínigh **trí** iarmhairt eacnamaíochta do gheilleagar na hÉireann a bhaineann le ganntanas scileanna.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar bhearta a d'fhéadfadh an rialtas agus/nó gnólachtaí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanas scileanna i ngeilleagar na hÉireann.

[25]
**[75 marc]**

**5.** *Rinne an* Financial Times *a mheas go gcosnaíonn sé 1.5% de OTI tíre airgead tirim a "chomhaireamh, a dháileadh agus a phriontáil". Dá bhrí sin, d'fhéadfadh feabhas díreach teacht ar bhrabúsacht tíre dá mbeadh níos lú airgid thirim ann.* (**Foinse:** *www.rte.ie, Lúnasa 2018)*

**(a)** (i) Luaigh agus mínigh **dhá** shaintréith den airgead.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí **agus** na míbhuntáistí do shaoránaigh **agus** do thionscal na baincéireachta a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le hairgead leictreonach a úsáid seachas airgead tirim. [30]

**(b)** *Tá Uachtarán an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE), Mario Draghi, tar éis a rá go bhfuil sé ar intinn aige bonnráta úis an BCE a ardú óna ráta íseal stairiúil de 0%.*

(**Foinse:** www.ft.com, Meitheamh 2018)

Agus geilleagar na hÉireann mar atá faoi láthair, tabhair breac-chuntas ar argóintí a d'fhéadfaí a dhéanamh **in éadan** ardú ar an ráta úis. [20]

**(c)** (i) Sainmhínigh an téarma **barrachas i mbuiséad an rialtais**.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag barrachas i mbuiséad an rialtais ar fhiachas náisiúnta tíre.

(iii) Tabhair breac-chuntas ar an dóigh a bhféadfadh bearta chun fiachas náisiúnta na hÉireann a laghdú teacht salach ar **dhá** cheann ar bith de na cuspóirí eile atá ag Rialtas na hÉireann. [25]

**[75 marc]**

**6.** **(a)** *Is sampla d'innéacs praghsanna ilchodach é Praghas-Innéacs Tomhaltóirí (PIT).*

(i) Mínigh na céimeanna atá i gceist agus innéacs praghsanna ilchodach á chur i dtoll a chéile.

(ii) Déan idirdhealú idir na téarmaí **pá ainmniúil** agus **fíorphá**.

(iii) Ag tú ag tagairt don tábla thíos, ríomh an t-athrú céatadánach ar an bh**fíorphá** i **ngach** ceann de na blianta 2014–2016. **Taispeáin do chuid oibre.**

**Praghas-Innéacs Tomhaltóirí (PIT) agus Boilsciú Pá in Éirinn**

| Bliain | PIT<br>Athrú bliantúil (%) | Ráta pá ainmniúil<br>Athrú bliantúil (%) | Ráta Fíorphá<br>Athrú bliantúil (%) |
|---|---|---|---|
| 2014 | 0.3 | -0.2 | ? |
| 2015 | - 0.3 | 1.2 | ? |
| 2016 | 0.0 | 1.1 | ? |

(**Foinse:** POS) [25]

**(b)** (i) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis leis an mboilsciú.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** iarmhairt eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag baint le leibhéal ard boilscithe i ngeilleagar.

(iii) Mínigh an dóigh a bhféadfadh díbhoilsciú fás geilleagrach níos ísle a spreagadh sa ghearrthéarma. [30]

**(c)** *Is é atá i gceist le hiomaíochas náisiúnta ná an cumas atá ag fiontair dul in iomaíocht ar bhealach rathúil i margaí idirnáisiúnta.* (**Foinse**: Ireland's Competitiveness Challenge, 2018)

Tabhair breac-chuntas ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar iomaíochas idirnáisiúnta na hÉireann. [20]

**[75 marc]**

**7.** **(a)** (i) Luaigh agus mínigh na slite ar féidir staitisticí an ioncaim náisiúnta **a úsáid**.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar na **teorainneacha** a ghabhann le húsáid an OTI chun gníomhaíocht eacnamaíochta a thomhas.

[30]

**(b)** Bain úsáid as an eolas sa tábla chun na ceisteanna thíos a fhreagairt.

| | |
|---|---|
| An claonadh imeallach chun tomhaltais **(MPC)** | 0.6 |
| An claonadh imeallach chun iompórtála **(MPM)** | 0.2 |
| An claonadh imeallach chun cánachais a íoc **(MPT)** | 0.2 |
| Leibhéal cothromaíochta reatha an Ioncaim Náisiúnta | €100 bn |
| Leibhéal an Ioncaim Náisiúnta a ghinfeadh lánfhostaíocht | €150 bn |

**Taispeáin do chuid oibre san áireamh go léir.**

(i) Sainmhínigh an claonadh imeallach chun tomhaltais (MPC).

(ii) Ríomh an claonadh imeallach chun coigilte (MPS).

(iii) Ríomh luach an iolraitheora sa gheilleagar oscailte seo **agus** mínigh brí eacnamaíochta an fhigiúir a ríomhann tú.

(iv) Ríomh méid an insteallta a bheadh de dhíth chun an geilleagar seo a thabhairt go leibhéal na lánfhostaíochta.

[25]

**(c)** *In 2017, ghabh Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim 125,689 lítear de bhreosla aindleathach a bhíothas ag dul a dhíol sa scáthgheilleagar (an geilleagar dubh).*

(**Foinse:** Tuarascáil Bhliantúil Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, 2017)

(i) Mínigh cad a chiallaíonn an téarma eacnamaíochta **scáthgheilleagar**.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar na hiarmhairtí eacnamaíochta d'Éirinn a bhaineann le breis gníomhaíochta sa scáthgheilleagar.

[20]

**[75 marc]**

**8.** Níor méadaíodh na cánacha carbóin i gCáinaisnéis 2019. Bhí gníomhaithe timpeallachta den tuairim gur chaill an rialtas deis béim a chur ar a dtiomantas do chosaint an chomhshaoil.

**(a)** (i) Mínigh na téarmaí **cáin fhorchéimnitheach** agus **cáin chúlchéimnitheach** agus tabhair sampla i **ngach** cás díobh.

(ii) An ndearna an rialtas an cinneadh ceart, dar leat, gan na cánacha carbóin a mhéadú i gCáinaisnéis 2019? Tabhair eolas eacnamaíochta ábhartha chun tacú le do fhreagra.

[25]

**(b)** *Ba é príomhtheachtaireacht Chomhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann (CFCÉ) faoi Cháinaisnéis 2019 ná go raibh ag teip ar an rialtas arís agus arís eile stop a chur le caiteachas rialtais nach raibh buiséadaithe.*

(***Foinse:*** Tuairisc ar Mheasúnú Fioscach CFCÉ*, Samhain 2018*)

(i) Tabhair breac-chuntas ar na hiarmhairtí diúltacha eacnamaíochta a d'fhéadfadh bheith ag gabháil le róchaitheamh ag an rialtas arís agus arís eile.

(ii) Is é 12.5% an ráta cáin chorparáide in Éirinn agus tá sé ar na rátaí is ísle san AE. Tabhair breac-chuntas ar **thrí** iarmhairt eacnamaíochta do gheilleagar na hÉireann a d'fhéadfadh a bheith ar ráta na cánach corparáide a ardú.

[30]

**(c)** *Ina thuarascáil* Fócas ar an mBochtaineacht, 2018, *deir Ceartas Sóisialta Éireann go bhfuil níos mó ná 100,000 oibrí atá beo bocht in Éirinn, i.e. daoine atá fostaithe agus atá beo bocht.*

(**Foinse**: Fócas ar an mBochtaineacht, 2018)

(i) Is ceann amháin de chuspóirí an rialtais polasaí cóir sóisialta a bhaint amach. Mínigh cad a chiallaíonn sé sin.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar bhearta a d'fhéadfadh an rialtas agus/nó gnólachtaí a chur san áireamh chun aghaidh a thabhairt ar cheist na n-oibrithe atá beo bocht.

[20]

**[75 marc]**

***Ná dearmad an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na (bh)freagarleabha(i)r a úsáidtear chun na ceisteanna i Roinn B a fhreagairt.***

Níl ábhar scrúdaithe ar bith ar an leathanach seo